

1. Tá sé dorcha.
Níl sé dorcha.
An bhfuil sé dorcha?
Nach bhfuil sé dorcha?

Tá.
Níl.

geal / dorcha
te / fuar
tirim / fliuch
2. Tá an bord mór.
Níl sé beag.

mór / beag
glan / salach
trom / éadrom
blasta / gránna
milis / géar
3. Cá bhfuil an foclóir?
Tá sé ar an mbord.

anseo / ansin
istigh / amuigh
ar an mbord / ar an bpláta
ar an urlár / ar an díon
faoin mbord / faoin mbosca
sa bhosca / sa chupán
sa mhála / sa chistin
sa bhaile
4. Bhí sé dorcha.
Ní raibh sé dorcha.
An raibh sé dorcha?
Nach raibh sé dorcha?

Bhí.
Ní raibh.
- It's dark.
It's not dark.
Is it dark?
Isn't it dark?

Yes (is).
No (isn't).

bright / dark
hot / cold
dry / wet
- The table is large.
It isn't small.

large / small
clean / dirty
heavy / light
tasty / nasty
sweet / sour
- Where is the dictionary?
It's on the table.

here / there
inside / outside
on the table / on the plate
on the floor / on the roof
under the table / under the box
in the box / in the cup
in the bag / in the kitchen
at home
- It was dark.
It wasn't dark.
Was it dark?
Wasn't it dark?

Yes (was).
No (wasn't).

mé	I	muid, sinn	we
tú	you	sibh	y'all
sé	he	siad	they
sí	she		

Comhrá 1

A: An bhfuil sé tirim?

B: Níl. Tá sé fliuch.

Comhrá 2

A: An bhfuil an bainne fuar?

B: Níl. Tá sé te.

A: An bhfuil an t-uisce fuar?

B: Tá, ach tá sé salach.

Comhrá 3

A: Cá bhfuil an leabhar?

B: Tá sé sa bhosca.

A: An bhfuil an bosca sa chistin?

B: Níl. Tá sé ar an mbord.

Comhrá 4

A: An bhfuil Seán sa bhaile?

B: Tá. Tá sé sa chistin.

A: Níl sé ansin.

B: Tá. Tá sé faoin mbord.

Comhrá 5

A: An raibh tú sa bhaile aréir?

B: Ní raibh. Bhí mé sa pháirc.

A: Nach raibh sé fuar?

B: Ní raibh. Bhí sé te.

Comhrá 6

A: Dia duit.

B: Dia is Muire duit.

A: Conas tá tú?

B: Tá mé fuar.

A: Tá sé fuar inniu.

B: Tá, ach tá sé tirim.

A: Ar mhaith leat cupán tae?

B: Ba mhaith, le do thoil.

A: Tá an tae sa chistin, ar an mbord.

B: An bhfuil sé te?

A: Tá.

B: Go raibh maith agat.

A: Fáilte.

Conversation 1

Is it dry?

No. It's wet.

Conversation 2

Is the milk cold?

No. It's warm.

Is the water cold?

Yes, but it's dirty.

Conversation 3

Where's the book?

It's in the box.

Is the box in the kitchen?

No. It's on the table.

Conversation 4

Is John at home?

Yes. He's in the kitchen.

He's not there.

Yes [he is]. He's under the table.

Conversation 5

Were you at home last night?

No. I was in the park.

Wasn't it cold?

No. It was warm.

Conversation 6

Hello.

Hello.

How are you?

I'm cold.

It's cold today.

Yes, but it's dry.

Would you like a cup of tea?

Yes [I would], please.

The tea is in the kitchen, on the table.

Is it warm?

Yes.

Thank you.

You're welcome.

-
- | | |
|--|--|
| 1. Ach tá go leor Béarla iontu chomh maith. | But there is a lot of English there, too. |
| 2. Dia duit, a Cháit.
Dia 's Muire duit, a Nóra.
Tá sé fuar.
Tá sé an-fhuar, ach tá sé tirim.
Tá sé tirim, buíochas le Dia. | Hello, Kate.
Hello, Nora
It's cold.
It's very cold, but it's dry.
It's dry, thank God. |
| 3. Nuair a, nuair a cailleadh an t-athar bhí Pádraig féin óg. | When, when his father died, Patrick himself was young. |
| 4. Tá an madra tirim anois. | The dog is dry now. |
| 5. Tá mo theaghlach mór. | My family is large. |
| 6. Tá sé fuar istigh anseo. | It's cold inside now. |
| 7. Tá sí chomh héadrom le cleite. | She's as light as a feather. |
| 8. Tá siad beag, agus tá siad scártha go maith óna chéile. | They are small, and they are quite separated from each other. |
| 9. Tá tobar beannaithe ann chomh maith. | There is a sacred well there as well. |
| 10. Uisce, uisce, uisce glé.
Tá sé go deas.
Is maith liom é. | Water, water, clear water.
It's nice.
I like it. |